



Nóta Mínitheach - An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach

Beidh an Ghairm Tograí ar oscailt go dtí meán lae Dé hAoine an 28 Meán Fómhair 2018.

Achoimre ar an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach

Fógraíodh Ciste nua um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach mar chuid de *Éire 2040 - An Tionscadal* chun tacú le fás dlúth agus forbairt inbhuanaithe na gcúig chathair agus na mór-lárionad uirbeach eile in Éirinn.

Tá freagracht ar an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil as cur chun feidhme an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, a mbeidh leithdháileadh €2 billiún air sa Plean Forbartha Náisiúnta go dtí an bhliain 2027. Beidh gairm tograí ar oscailt ón uair seo go dtí meán lae Dé hAoine an 28 Meán Fómhair 2018.

Tá an Ciste ar an tionscnamh athghiniúna uirbí is leithne feidhm a reáchtáladh in Éirinn le roinnt mhaith blianta anuas. Ar aon dul le cuspoirí an Chreata Náisiúnta Pleanála, is é an aidhm atá leis an gCiste cion níos mó d'fhorbairt chónaithe agus tráchtála a ghíaráil, le tacaíocht ó bhonneagar, ó sheirbhísí agus ó chonláistí, laistigh de 'lorg coise' tógtha reatha ár mórilmistear uirbeach.

Beidh an Ciste ina chlár deontais státchiste a bheidh iomaíoch agus bunaithe ar thairiscintí. Oibreofar é ar bhonn ilbhliantúil. Ní mór na tairiscintí:

- A bheith ón earnáil phoiblí, agus a bheith faoi stiúir ag údarás áitiúil go hidéalach, cé go bhféadfadh comhpháirtithe earnála pobail agus/nó earnála príobháidí a bheith ar áireamh leo;
- A bheith meaitseáilte ag cistiú díreach (poiblí agus/nó príobháideach) 25% ó fhoinsí eile;
- A bheith dar luach €2m ar a laghad le haghaidh soláthar agus/nó tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thograí nuálacha claochlaitheacha athghiniúna uirbí;
- A bheith ina spreagthach le haghaidh forbairt nach ndéanfaí ar shlí eile; agus
- A bheith in ann infheistíocht shuntasach bhreise ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon a ghíaráil.

De bhreis ar chistiú díreach a thabhairt do thograí a mbeifear in ann tús a chur leo sa bhliain 2019, beidh sé ríthábhachtach a chinntiú gur mar thoradh ar an gCiste a chruthófar sraith tograí inmharthana lena bhforbairt le haghaidh cur chun feidhme agus soláthar i mblianta ina dhiaidh sin.

Dá réir sin, is le haghaidh cúnaimh teicniúil a thabhairt d'fhorbairt tionscadail a bheidh sciar suntasach den chistiú a bheidh ar fáil sa bhliain 2019. Lorgaítear iarratais ar chistiú le haghaidh tograí a bheidh 'réidh le dul' sa bhliain 2019 (Catagóir A) nó a mbeidh 'tuilleadh forbartha' ag teastáil uathu (Catagóir B) agus a bhféadfar iad a cheadú i bprionsabal le haghaidh oibre a dhéanfar lena gcumasófar stádas Chatagóir A i ngairmeacha amach anseo.

Déanfaidh grúpa meastóireachta measúnú ar gach togra le haghaidh cistiúcháin. Tuairisceoidh an grúpa do choiste bainistíochta a dhéanfaidh moltaí don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

I gcás na limistéar nach gcumhdaítear leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, oibreofar Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe is fiú €1 billiún ag an am céanna, agus é faoi stiúir ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Cé go bhféadfar tairiscintí a dhéanamh, faoi réir incháilitheachta, chuig an gCiste Uirbeach nó chuig an gCiste Tuaithe le haghaidh roinnt bailte ina gcónaíonn níos lú ná 10,000 duine, mar atá leagtha amach thuas, ní fhéadfar tairiscintí den sórt sin a dhéanamh chuig an dá chiste. Déanfar ionadaíocht don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ar ghrúpaí meastóireachta an dá chiste chun a chinntiú go gcomhordófar na bearta go héifeachtach.

Cad is Éire 2040 - An Tionscadal ann?

Is é Éire 2040 - An Tionscadal ann ná an creat uileghabhálach beartais agus pleanála le haghaidh forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann. Áirítear leis an tionscadal an Creat Náisiúnta Pleanála, ar creat 20 bliain é, agus an Plean Forbartha Náisiúnta, ar plean mionsonraithe infheistíochta caipitil é don tréimhse ón mbliain 2018 go dtí an bhliain 2027.

Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála na mórphrionsabail bheartais agus na mórhosaíochtaí beartais chun pleanáil a dhéanamh ar bhealach níos straitéisí, níos inbhuanaithe agus níos comhordaithe le haghaidh fás faoin daonra agus fás geilleagrach san 20 bliain atá le teacht. An Plean Forbartha Náisiúnta, ar clár infheistíochta caipitil deich mbliana é is fiú €116 billiún, beidh sé mar bhonn agus thaca ag prionsabail an Chreata Náisiúnta Pleanála. Is féidir amharc ar an dá dhoiciméad ag <http://www.gov.ie/en/project-ireland-2040>.

Leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, bunaíodh ceithre chiste nua a leithdháilfear €4 billiún san iomlán orthu go dtí an bhliain 2027. Leithdháilfear €2 billiún ar an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach go dtí an bhliain 2027. Is é an phríomhaidhm leis ná tacú le cumasóirí fáis an Chreata Náisiúnta Pleanála do na cúig chathair agus do mhór-lárionaid uirbeacha eile. Tá freagracht ar an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil as an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach a chur chun feidhme.

Cad is cuspóir leis an gCiste Uirbeach?

Tá an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach á bhunú chun tacú le forbairt níos dlúithe níos inbhuanaithe trí na cúig chathair agus na mórghailte eile in Éirinn a athghiniúint agus a athbheochan ar aon dul le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Is é an aidhm atá leis sin cabhrú le cion níos mó d'fhorbairt tithíochta agus tráchtála a sholáthar laistigh de loirg choise thógtha reatha ár gcathracha agus ár mbailte agus a chinntiú go bhféadfar áiteanna tarraingteacha beoga a roghnaíonn daoine cónaí agus obair iontu, infheistiú iontu agus cuairt a thabhairt orthu a dhéanamh de níos mó codanna dár limistéir uirbeacha.

Is ionann agus €2 billiún luach an chiste do thréimhse feidhme deich mbliana an Phlean Forbartha Náisiúnta go dtí an bhliain 2027. Leithdháilfear €550 milliún sa Phlean Forbartha Náisiúnta air go dtí an bhliain 2022 agus beidh €100 milliún ar fáil lena chaitheamh sa bhliain 2019.

Conas a oibreofar an Ciste Uirbeach?

Oibreofar an ciste ar bhonn scéime lena lorgáitear tairiscintí iomaíocha a bheidh faoi stiúir ag comhlachtaí poiblí, agus ag údaráis áitiúla go hidéalach, a d'fhéadfadh a bheith ina gcuibhreas agus a bhféadfadh comhpháirtithe earnála príobháidí agus/nó earnála pobail/deonaí a bheith ar áireamh leo.

Ní mór tograí tairisceana a bheith comhchistithe agus ní mór ranníocaíocht 25% ar a laghad ó leas-sealbhóirí a bheith ar áireamh leo. D'fhéadfaí an ranníocaíocht sin a fhoinsiú ó fhoinsí eile poiblí nó príobháideacha. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chomhcheangal de mhórchaiteachas státchiste agus/nó caiteachas caipitil earnála poiblí, d'infheistiúocht údaráis áitiúil agus/nó talamh, nó de ranníocaíochtaí sócmhainne eile.

Ní mór a thaispeáint in aon tograí freisin go mbeidh sé riachtanach, de bharr caiteachas ciste, 100% ar a laghad (euro ar euro) d'infheistiúocht gheallta ón mórearnáil phríobháideach (i.e. infheistiúocht forbartha) a ghíaráil. Ní mór aird a thabhairt i dtograí ar na rialacha maidir le Státchabhair agus ní mór na rialacha sin a chomhlíonadh iontu.

Iarrtar tairiscintí a chur isteach mar thograí 'réidh le dul', a thagann faoi Chatagóir A, nó mar thograí a mbeidh tuilleadh forbartha ag teastáil uathu, a thagann faoi Chatagóir B. Laistigh den fhoirm iarratais, ní mór a shonrú cén chatagóir a dtagann an togra cistiúcháin fúithi:

- > **Baineann Catagóir A** le tograí atá in ann cistiú a tharraingt anuas agus a mbeifear in ann tús a chur leo sa bhliain 2019. Is dócha go mbainfidh na nithe seo a leanas le tograí sa chatagóir seo: tá na toilithe riachtanacha (e.g. pleanáil) i bhfeidhm acu, tá céim an deartha geall le curtha i gcrích acu, tá siad in ann ceanglais luach ar airgead de réir an Chóid Chaiteachais Phoiblí a chomhlíonadh agus tá siad réidh ó thaobh soláthair de. Beidh cistiú faoi réir gach ceanglais den sórt sin. Féadfaidh coiste bainistíochta tairisceana na Roinne agus an tAire Catagóir B a athchatagóiriú nó, de mhálairt air sin, féadfaidh siad gan tairiscint Chatagóir A a cheadú i gcás nach féidir a thaispeáint go sásúil go mbeifear in ann tús a chur leis an togra sa bhliain 2019.
- > **Baineann Catagóir B** le tograí a mbeidh tuilleadh forbartha ag teastáil uathu sula dtionscnófar iad agus a d'fhéadfaí a cheadú i bprionsabal, rud a d'fhágfadh go mbeifí in ann dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt an togra sa bhliain 2019. Beidh tograí sa chatagóir seo incháilithe do roinnt cúnaimh theicniúil a fháil ar mhaithe le forbairt tionscadail. Meastar go mbeidh sé sin ina ghné shuntasach den Chiste sa bhliain 2019 chun a chinntiú go mbeifear in ann sraith tionscadal incháilithe a fhorbairt lena gcur isteach mar thograí faoi Chatagóir A i ngairmeacha cistiúcháin ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh go n-áireofaí úinéireacht/teideal talún, obair phleanála agus dhearaidh, measúnú ar luach ar airgead agus soláthar leis na nithe suntasacha a bhféadfadh nár mhór aghaidh a thabhairt orthu mar chuid d'fhorbairt an togra.

Cé atá incháilithe don Chiste Uirbeach?

Ní mór tograí le haghaidh cistiúcháin a bheith faoi stiúir ag comhlacht poiblí, a d'fhéadfadh a bheith ina údarás áitiúil nó ina thionól réigiúnach, ina roinn rialtais nó ina ghníomhaireacht rialtais, ina chomhlacht stát-tionscanta, ina institiúid ardoideachais nó ina ghníomhaireacht forbartha Crios Forbartha Straitéisí. Iarrtar tograí comhoibríocha ó chuibhreas agus d'fhéadfadh go n-áireofaí leo freisin comhpháirtithe earnála príobháidí agus nó comhpháirtithe earnála pobail/deonaí.

Cé na háiteanna atá incháilithe don Chiste Uirbeach?

Tá feidhm ag an gCiste Uirbeach maidir leis na cúig chathair agus lena limistéir chathrach mar a shainmhínítear tuilleadh sa Chreat Náisiúnta Pleanála (mar atá leagtha amach i gCiorclán FPS 04/2018 ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil), maidir le bailte móra ina gcónaíonn níos mó ná 10,000 duine agus maidir le bailte beaga ina gcónaíonn níos lú ná 10,000 duine, ina bhfuil níos mó ná 2,500 post agus a fheidhmíonn mar ionaid shuntasacha fostaíochta (gach figiúr de réir Dhaonáireamh 2016).

An Ciste comhthreomhar um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, ar fíú €1 billiún é, tá feidhm aige maidir le gach lonnáochocht agus limistéar tuaithe ina gcónaíonn níos lú ná 10,000 duine, i gcás go bhfuil siad lonnaithe lasmuigh de na cúig limistéar cathrach. Cé go bhfuil líon beag bailte incháilithe faoi scéim an chiste uirbigh agus scéim an chiste tuaithe, ní fhéadfaidh siad tairiscint a chur isteach ach chuig ciste amháin.

1 Cathracha

Cathair agus Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath
Cathair agus Limistéar Cathrach Chorcaí
Cathair agus Limistéar Cathrach Luimnigh
Cathair agus Limistéar Cathrach na Gaillimhe
Cathair agus Limistéar Cathrach Phort Láirge

2 Spreagthaigh Réigiúnacha/Thrasteorann

Droichead Átha
Dún Dealgan
Baile Átha Luain
Leitir Ceanainn
Sligeach

3 Bailte ina gcónaíonn níos mó ná 10,000 duine - Daonáireamh 2016

Sord
Bré
An Uaimh
Cill Chainnigh
Inis
Ceatharlach
Trá Lí
An Droichead Nua
Port Laoise
Baile Brigín

An Nás

An Muileann gCearr

Cill Droichid

Loch Garman

Na Clocha Liatha

Cluain Meala

Mullach Íde

Carraig Uí Leighin

Léim an Bhradáin

Tulach Mhór

Maigh Nuad

Cill Airne

An tInbhear Mór

An Cóbh

Cill Dhéagláin

Mainistir na Corann

Mala

Caisleán an Bharraigh

An Inse-Baile an Bhiataigh-Baile Uí Mhornaín

Inis Córthaidh

An Cabhán

Cill Mhantáin

Trá Mhór

Béal an Átha

Na Sceirí

An Longfort

4 Bailte ina gcónaíonn níos lú ná 10,000 duine agus ina bhfuil níos mó ná 2,500 post

- Daonáireamh 2016 (is bailte iad seo atá incháilithe faoi scéimeanna ciste uirbigh agus tuaithe araon ach nach bhféadfaidh iarratas a dhéanamh ar chistiú ach faoi aon scéim amháin)

Guaire

Sionainn

An tAonach

Cathair na Mart

Ros Comáin

Muineachán

Tuaim

Durlas

Dún Garbhán

Ros Mhic Thriúin

Béal Átha na Sluaighe

Cora Droma Rúisc


Baile Átha Troim

I gcás go gcuirfeadh tograí isteach do na bailte atá liostaithe (i.e. i gcatagóirí 2, 3 agus 4 sa tábla thuas), beidh íosluch foriomlán an togra socraithe ag €2m, i.e. beidh cistiú comhfheagrach €500,000 ar a laghad ag teastáil.

Agus aghaidh á tabhairt ar na 5 limistéar cathrach agus ar na tograí gaolmhara a fhéadfar a chur isteach, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas:

- Beidh íosluch foriomlán an togra socraithe ag €10m chun a chinntiú go mbainfeadh an tairbhe fhoriomlán don limistéar cathrach amach agus chun comhar, go háirithe comhar idir na húdaráis áitiúla sa limistéar lena mbaineann, a spreagadh le linn an togra a chur chun feidhme agus a sholáthar.
- I gcás nach mbeifear in ann dul i mbun comhair nó nach mbeidh sé inmharthana déanamh amhlaidh, beidh íosluch foriomlán an togra socraithe ag €10m go fóill agus beidh tograí ag teastáil chun an mhórhairbhe cathrach a thiocfaidh as aon chistiú a bhronnfar a thaispeáint.

Cathracha agus Bailte atá Incháilithe d'Iarratas a Dhéanamh chuig an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach



Ní mór a thaispeáint in aon tograí freisin go mbeidh sé riachtanach, de bharr caiteachas ciste, 100% ar a laghad (euro ar euro) d'infheistíocht gheallta ón mórearnáil phríobháideach (i.e. infheistíocht forbartha) a ghairáil.

Cé na cineálacha tograí atá incháilithe don Chiste Uirbeach?

Áirítear iad seo a leanas leis na cineálacha tograí atá incháilithe do chistiú, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- › Bainistíocht ghníomhach úsáide talún, lena n-áirítear limistéir, láithreáin agus foirgnimh a cheannach, a phleanáil, a dhearadh, a chumasú trí sheirbhísíú nó a dhí-éilliú, i measc nithe eile.
- › Bearta chun aghaidh a thabhairt ar fhoirgnimh atá folamh.
- › Athchóiriú, athfhorbairt agus/nó scartáil foirgneamh.
- › Forbairt limistéar, láithreán agus foirgneamh.
- › Athlonnú straitéiseach úsáidí nó gníomhaíochtaí.
- › Oibreacha a bhaineann le taitneamhachtaí poiblí, plandú, an sráid-dreach/an réimse poiblí, páirceanna, saoráidí áineasa, sábháilteacht, slándáil agus/nó oibreacha a bhaineann le coireacht a chosc.
- › Bearta chun feabhas a chur ar inacmhainneacht tithíochta.
- › Saoráidí pobail, a bhféadfadh saoráidí cúram leanaí a bheith i gceist leo.
- › Bearta chun dul i ngleic le míbhuntáiste sóisialta.
- › Bonneagar a bhaineann le tithíocht, forbairt eacnamaíoch nó forbairt scileanna (lena n-áirítear fiontraíocht agus turasóireacht), iompar agus seirbhísí.
- › Bonneagar lena gcumasaítear feabhas a chur ar inrochtaineacht, go háirithe modhanna inbhuanaithe amhail siúl agus rothaíocht, iompar poiblí agus idirmhalartú ilmhódach, ach lena n-áirítear bóithre, droichid agus carrchlóis freisin.
- › Aistriú i dtreo sochaí ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh aeráide de i gcomhthéacs uirbeach.

Cé na cineálacha limistéar atá incháilithe don Chiste Uirbeach?

D'fhéadfadh go n-áireofaí leis na cineálacha limistéar atá incháilithe do chistiú iad sin ina bhfuil comhchruinniú úsáidí ísealdéine, amhail iostaí stórála nó trádstórais, 'tailte cúil' tearcúsáidte atá suite taobh thiar de shráideanna agus d'fhoirgnimh, nó láithreáin institiúideacha atá oiriúnach dá n-athfhorbairt mar chuid de thogra athghiniúna foriomlán.

D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas le samplaí atá sainiúil don limistéar, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- › Iarlimistéir thearcúsáidte thionsclaíocha/thrádstórála lena mbaineann úsáidí íseal-luacha agus ísealdéine amhail seomraí taispeána carranna/trádstórais, ar úsáidí iad is féidir a athlonnú chuig láithreacha níos oiriúnaí ionas gur féidir an limistéar a athfhorbairt le haghaidh forbairt cónaithe/tráchtála/pobail. Ina lán cásanna, ba limistéir fhorimeallacha neamhsheirbhísithe iad sin nuair a forbraíodh ar dtús iad, ach is cuid dhílis den limistéar uirbeach iad anois agus d'éirigh siad inrochtana do bhonneagar de réir mar a tháinig fás ar an gcathair nó ar an mbaile.
- › Limistéir atá srianta mar thoradh ar 'bhacainní' forbartha, amhail línte cumhachta ardvoltais, nó mar thoradh ar láithreáin 'Seveso' a bheith ann (i.e. úsáidí amhail ionaid leasachán nó gháis ar laistigh de gha ar leith timpeall orthu a chuireann an baol timpiste srian ar fhorbairt cónaithe incheadaithe nó ar fhorbairt incheadaithe de chineál oifige), i gcás go bhféadfaí forbairt cónaithe/tráchtála/pobail a dhéanamh dá gcuirfí deireadh leis na bacainní sin nó dá ndéanfaí iad a athlonnú.
- › 'Tailte cúil' laistigh de chathracha agus de bhailte, atá suite taobh thiar de shráideanna agus d'fhoirgnimh agus a úsáidtear mar charrchlóis ad hoc nó mar limistéir stórála go minic nó atá fágtha mar láithreáin fholmha ilroinnte nó mar iarghairdíní.
- › Limistéir shainiúla a thagann faoi chreatlach thógtha cathracha agus bailte, i.e. foirgnimh agus sráid-dreacha a bhfuil saintréith ar leith is fiú a chaomhnú acu, ach atá folamh go hiomlán nó go páirteach. Is ionaid réadmhaoine thearcúsáidte iad a lán limistéar den sórt sin agus d'fhéadfaí iad a fhilleadh ar a n-úsáid inmharthana mar thithe nó mar áiteanna oibre mar chuid de scéimeanna athghiniúna foriomlána.
- › Láithreáin institiúideacha nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh chun na críche ar chuici a tógadh agus a forbraíodh ar dtús iad agus/nó a d'fhéadfaí a athlonnú in áit níos fearr, lena n-áirítear beairicí, scoileanna, saoráidí sláinte nó clochair/áitribh reiligiúnacha, a bhfuil déanamhais chosanta ann ina lán díobh.
- › Iostaí agus suiteálacha a bhaineann le hiompar, amhail stórais chalafoirt, clóis iarnróid nó garáistí busanna, a d'fhéadfaí a athlonnú chuig láithreacha níos oiriúnaí agus a d'fhéadfaí a athfhorbairt le haghaidh forbairt cónaithe/tráchtála/pobail.

Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh chuig an gCiste Uirbeach?

Glacfar le hiarratais go meán lae Dé hAoine an 28 Meán Fómhair 2018 agus ní mór iad a chur isteach le ríomhphost ach foirm iarratais an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach a úsáid. Is é is aidhm don fhad ama sin deis a thabhairt do dhaoine cuibhreannais a bhunú agus tograí tairisceana a ullmhú. Beidh tuilleadh glaonna ann ina dhiaidh sin, agus is dóigh go ndéanfar an chéad ghlaao eile am éigin i lár na bliana 2019.

Ní mór gur deimhin le hiarratasóirí gur faoi Chatagóir A nó faoi Chatagóir B, mar atá leagtha amach níos luaithe sa nóta seo, a thagann an togra a chuirtear isteach. Ní mór iarratais a chur isteach chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: urdf@housing.gov.ie.

Tá an fhoirm iarratais ar fáil lena híoslódáil ó na suíomhanna Gréasáin seo a leanas:

- > www.gov.ie/en/project-ireland-2040
- > www.npf.ie

Ba cheart an fhoirm iarratais a chomhlánú ar bhealach gonta cuimsitheach agus ba cheart gach ceist a fhreagairt ar bhealach soiléir comhleanúnach. Sonraítear san fhoirm iarratais an céatadán de na marcanna atá ar fáil faoi gach ceann de na critéir mheasúnaithe. Tá seicliosta ann i gCuid C den fhoirm iarratais freisin, rud lena gcabhrófar leis an iarratas a thabhairt i gcrích agus lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ar fad tugtha.

Cé na doiciméid tionlacain a theastaíonn uaim?

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil le gach foirm iarratais:

- > Mapa lena léirítear láthair an togra in dhá fhormáid:
 - Comhad íomhá (amhail jpeg nó mapa giotán).
 - Cruthchomhad (.shp), má bhaineann sé leis an togra.
- > Litir chumhdaigh ón bPríomh-Chomhpháirtí, atá sínithe ag an duine údaraithe (Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir, Ard-Rúnaí, etc.), ina ndeimhnítear tiomantas don togra agus ina ndéantar cur síos gairid ar chineál an togra.
- > Litir/litreacha fíoraithe ó aon chomhpháirtí/chomhpháirtithe sainaitheanta eile, atá sínithe ag an duine údaraithe (Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir, Ard-Rúnaí, etc.) agus ina leagtar amach toiliú an duine/na ndaoine sin le páirt a ghlacadh san iarratas agus tiomantas an duine/na ndaoine sin don togra.
- > Litir/litreacha fíoraithe ó fhoinse/fhoinsí an chistiúcháin chomhfhreagraigh, ina leagtar amach eolas ar an iarratas agus gealltanais chun cistiú comhfhreagrach a sholáthar. Ní mór an litir sin a bheith ceadaithe ag an duine inniúil, atá údaraithe go dóthanach chun an gealltanais cistiúcháin chomhfhreagraigh a thabhairt, e.g. an Príomhoifigeach Airgeadais.

TABHAIR FAOI DEARA: I gcás go gcuirfear doiciméid bhreise (atá ar leithligh ó na ceanglais atá leagtha amach thuas) isteach leis an iarratas, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas:

- > Ní mór go mbaineann na doiciméid bhreise go díreach leis an togra.
- > **Ní mór 10 gcruachóip de na doiciméid bhreise, agus "Foirm iarratais an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach" marcáilte orthu, a chur sa phost chuig an seoladh seo a leanas.**

An Rannóg um Pleanáil Chun Cinn
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath D01 W6X0

Conas a dhéanfar measúnú ar iarratais?

Déanfaidh painéal meastóireachta measúnú ar na hiarratais i bhFómhar na bliana 2018, agus creat critéar measúnaithe réamhshanta á leanúint aige. Déanfaidh an painéal aighneachtaí chuig Coiste Bainistíochta ar leith sula bhfaighfear ceadú ón Aire. Is é a bheidh i ról an Choiste Bainistíochta tuairisc a thabhairt agus moltaí a dhéanamh don Aire maidir leis na tograí atá le cistiú.

Le linn cineál na dtograí agus na sonraí gaolmhara a bhreithniú, d'fhéadfadh go gceanglófaí ar an iarratasóir/na hiarratasóirí tuilleadh faisnéise a thabhairt i bhfoirm cur i láthair chun cabhrú leis an bpainéal meastóireachta an aighneacht uaidh a ullmhú. Eiseofar fógra chuig aon iarratasóir/ iarratasóirí den sórt sin, á rá gur gá dó/dóibh tuilleadh faisnéise a ullmhú ina leith sin agus í a chur i láthair an phainéil.

Tá sé beartaithe go bhfógrófar tairiscintí rathúla Chatagóir A i bhFómhar na bliana 2018. Déanfar measúnú ar thograí Chatagóir B freisin agus, má mheastar go bhfuil sé cuí tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu, ceadófar i bprionsabal iad roimh dheireadh na bliana 2018.

Conas is féidir liom tuilleadh faisnéise a fháil?

Tionólfar seimineár faisnéise go luath i mí Iúil, agus é sceidealta le cur ar siúl i bPort Laoise an 9 Iúil. Beidh baill foirne na Roinne ar fáil freisin chun cabhrú le haon cheisteanna suas go dtí an 28 Meán Fómhair.

Is féidir amharc ar an gCreat Náisiúnta Pleanála agus ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus iad a íoslódáil ar líne ag www.gov.ie/2040 agus is féidir tuilleadh doiciméad a bhaineann leis an gCreat Náisiúnta Pleanála a fháil ag www.npf.ie

Is féidir aon cheisteanna eile a chur ar Maude Ní Bhrolcháin ach ríomhphost a sheoladh chuig urdf@housing.gov.ie nó glao a chur ar (01) 888 2000. Postálfar an t-eolas is deireanaí ar bhonn tréimhsiúil ar www.npf.ie agus ar www.gov.ie/urdf